**Ceisteanna Coitianta maidir le Tarscaoileadh Rátaí don Chéad Ráithe 2021**

1. **An leanúint de na scéimeanna rátaí tráchtála a bhí i bhfeidhm do 2020 faoi chiorcláin Fin 11 agus 16 de 2020 í an scéim um tharscaoileadh rátaí tráchtála seo?**

Ní hea, ní leanúint de na scéimeanna rátaí tráchtála a bhí i bhfeidhm do 2020 faoi chiorcláin Fin 11 agus 16 de 2020 í an scéim um tharscaoileadh rátaí tráchtála seo? Maidir le maoiniú, cur i bhfeidhm agus oibriú, níl aon fhorluí idir an scéim um tharscaoileadh rátaí a leagtar amach sa chiorclán seo agus an scéim um tharscaoileadh rátaí 2020 atá mionsonraithe i gciorcláin Fin 11 agus 16 de 2020. Tá na catagóirí gnó a bheidh incháilithe don Scéim Nua Tarscaoilte i bhfad níos cúinge ná riamh, rud a chiallaíonn nach gcáileoidh go leor gnóthaí a bhí incháilithe don Tarscaoileadh 2020 don Scéim Nua Tarscaoilte seo.

2. **Cad é an creidmheas in ionad rátaí?**

Cuirfear tarscaoileadh 100%, i bhfoirm creidmheasa in ionad rátaí tráchtála, i bhfeidhm ar chuntais rátaí gnóthaí incháilithe sna catagóirí atá liostaithe in Aguisín C a ghabhann le Ciorclán Fin 1/2021, don chéad ráithe 2021.

3. **Cé hiad na cáiníocóirí atá i dteideal an tarscaoilte?**

Beidh an creidmheas trí mhí in ionad rátaí don chéad ráithe de 2021 is infheidhme do gach íocóir rátaí sna catagóirí atá liostaithe in Aguisín C a ghabhann le Ciorclán Fin 1/2021.

4. **Cé mhéad creidmheasa atá le cur i bhfeidhm ar chuntais rátaí incháilithe?**

Cuirfidh údaráis áitiúla creidmheas i bhfeidhm in ionad rátaí tráchtála, ar feadh tréimhse trí mhí, maidir le haicmí incháilithe agus le catagóirí maoine inrátaithe atá á háitiú. Is ionann luach an tarscaoilte agus an luach coibhéiseach de 25% den bhille ráta bliantúil do 2021.

5. **An bhfuil iarratas ó íocóir rátaí ag teastáil don tarscaoileadh?**

Níl, níl aon iarratas ag teastáil don tarscaoileadh. Cuirfidh údaráis áitiúla creidmheas 100% i bhfeidhm go huathoibríoch in ionad rátaí tráchtála, ar feadh tréimhse trí mhí, ar mhaoin sna catagóirí incháilithe atá liostaithe in Aguisín C.

6. **Cad iad na catagóirí gnó ina bhfuil an creidmheas in ionad rátaí is infheidhme?**

   Tá an creidmheas in ionad rátaí don chéad ráithe de 2021 is infheidhme do na catagóirí leathana seo a leanas de ghnóthaí:

   - Fáilteachas;
   - Fóillíocht;
   - Siamsaíocht Ilghnéitheach;
   - Miondíol Neamhriachtanach (Siopaí agus Trádstóras);
   - Aerfoirt;
   - Miondíol Riachtanach (seachas Ollmhargaí Móra, níos mó ná 500M2);
   - Sláinte;
   - Stadanna Freastail;
   - Cúram Pearsanta; agus
   - Cúram Leanaí.

   Tá liosta mionsonraithe de chatagóirí maoine incháilithe le fáil in Aguisín C den Chiorclán.

**7. Cad iad na heisiaimh ar incháilitheacht?**

**Níl** an creidmheas in ionad rátaí don chéad cheathrú de 2021 is infheidhme do na catagóirí leathana seo a leanas:

- Seirbhís Phoiblí *
- Maoin Fholamh (tá gach maoin folamh, mar a thuigtear de ghnáth le haghaidh rátaí, eisiata ón tarscaoileadh); *
- Líonraí Fóntais Domhanda ar an Liosta Luachála Lárnach
- Maoin sa Chatagóir Luachála "Oifige"
- Maoin sa Chatagóir Luachála "Úsáidí Tionsclaíocha"
- Maoin sa Chatagóir Luachála "Ilghnéitheach"
- Maoin sa Chatagóir Luachála "Mianraí"
- Maoin sa Chatagóir Luachála "Fóntais"
- Ollmhargaí níos mó ná 500M $^{2}$ (Catagóirí Ollmhargadh 2 agus Ollmhargadh 3)
- Maoin leis an gcatagóir luachála "Siopa Ilrannach" ach ina bhfuil ollmhargadh iontu go hiomlán nó go páirteach, ina ndíoltar bia agus/nó earraí grósaera.
- Bainc, Cumainn Fhoirgníochta agus Comhair Chreidmheasa
- Déantúsaíocht cógaisíochta
- Áitribh ar conradh chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le paindéim COVID 19 don/ thar ceann an Stáit, ina bhfuil an Stát ag cúiteamh as rátaí cheana féin mar chuid den chonradh idir an t-áititheoir nó an soláthraí seirbhíse agus an Stát.

* Ní cheadaítear an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar áitribh seirbhíse poiblí nó ar mhaoin fholamh, ná achomhairc ina leith, faoin gciorclán seo.

Tá roinnt eisceachtaí ann maidir leis na catagóirí leathana ar an liosta thuas. Tá liosta mionsonraithe de na catagóirí atá eisiata faoi iamh in Aguisín D den Chiorclán.

**8. An bhfuil aon eisceacht ar na critéir thuas?**

Mar aitheantas ar an bhfíric go bhféadfadh go mbeadh íocóirí rátaí eisiata ón tarscaoileadh a raibh tionchar mór ag an bpaindéim orthu, tá suas le 7.5% den leithdháileadh foriomlán san áireamh le haghaidh achomhairc. Ar an gcaoi chéanna le scéim um tharscaoileadh 2020, féadfaidh íocóirí rátaí eisiata dul i dteagmháil le húdaráis áitiúla chun a léiriú go bhfuil siad faoi dhrochthionchar, ar bhonn cás ar chás.

**9. An bhfuil íocóir rátaí ar cuireadh iallach air a áitreabh a dhúnadh ach a lean ar aghaidh ag oibriú a ghnó ó áit éigin eile incháilithe don chreidmheas in ionad rátaí?**

Beidh an creidmheas trí mhí in ionad rátaí don chéad ráithe de 2021 is infheidhme do gach íocóir rátaí sna catagóirí atá liostaithe in Aguisín C a ghabhann le Ciorclán Fin 1/2021. Tá liosta mionsonraithe de na catagóirí atá eisiata faoi iamh in Aguisín D den Chiorclán. Ar an gcaoi chéanna le scéim um tharscaoileadh 2020, féadfaidh íocóirí rátaí eisiata dul i dteagmháil le húdaráis áitiúla chun a léiriú go bhfuil siad faoi dhrochthionchar, ar bhonn cás ar chás.

**10. An bhfuil íocóir rátaí ar cuireadh iallach air a áitreabh a dhúnadh don phobal ach a lean ar aghaidh le seirbhís seachadta nó seirbhís beir leat nó seirbhís bhailiúcháin a thairiscint incháilithe don chreidmheas in ionad rátaí?**

Beidh an creidmheas trí mhí in ionad rátaí don chéad ráithe de 2021 is infheidhme do gach íocóir rátaí sna catagóirí atá liostaithe in Aguisín C a ghabhann le Ciorclán Fin 1/2021. Tá liosta mionsonraithe de na catagóirí atá eisiata faoi iamh in Aguisín D den Chiorclán. Ar an gcaoi chéanna le scéim um tharscaoileadh 2020, féadfaidh íocóirí rátaí eisiata dul i dteagmháil le húdaráis áitiúla chun a léiriú go bhfuil siad faoi dhrochthionchar, ar bhonn cás ar chás.

**11. Conas is féidir le gnóthaí sna catagóirí atá eisiata, a raibh faoi ghéarthionchar de bharr srianta leibhéal 5, iarratas a dhéanamh ar an gcreidmheas in ionad rátaí?**

Tá seoladh ríomhphoist rateswaiver2021@Fingal.ie curtha ar bun ag Fine Gall atá tiomanta do teagmháil a dhéanamh le gnóthaí sna catagóirí eiscthe a bhí faoi ghéarthionchar de bharr leibhéil 5 srianta, agus ní mór achomhairc, in éineacht doiciméid tacaíochta ábhartha, a sheoladh chuig sin faoi am scoir gnó an 8 Aibreán 2021. Ceanglaítear ar ghnóthaí sna catagóirí eiscthe géarthionchar a thaispeáint don údarás áitiúil ábhartha. Maidir le rannpháirtíocht gnóthaí atá sna catagóirí eiscthe a raibh ghéarthionchar ag an bpaindéim orthu, liostaítear thíos samplaí de chruthúnas tacaíochta chun an tionchar sin a léiriú. Ní phróiseálfar achomhairc a chuirtear isteach gan doiciméadacht ábhartha. Mar sin féin, faoin gciorclán seo, ní cheadaítear achomhairc ná cur i bhfeidhm tarscaoileadh maidir le maoin seirbhíse poiblí agus maoin fholamh.

**12. Cad iad na cruthúnais tacaíochta atá inghlactha má éilíonn íocóir rátaí, ó cheann de na catagóir eisiata, incháilitheacht?**

I gcomhréir leis an incháilitheacht don CRSS, ba cheart go léireodh íocóirí rátaí atá sna catagóirí eisiata láimhdeachas ón ngníomhaíocht ghnó ábhartha sa tréimhse éilimh **nach bhfuil níos mó ná 25%** den mheán láimhdeachas seachtainiúil a raibh acu le linn 2019. **(Tabhair faoi deara an tairseach incháilitheachta athraithe don CRSS i gcomparáid leis an TWSS). Mura féidir le híocóir rátaí fianaise a sholáthar go bhfuarthas CRSS agus go bhfuil sé ag brath ar fhigiúirí láimhdeachais, ba cheart go mbeadh figiúr láimhdeachais do mhí Eanáir agus mí Feabhra in éineacht leis an achomharc agus cuirfear measúnú ar an achomhairc ar athló go dtí go gcuirfear figiúirí láimhdeachais de mhí Mhárta isteach sa chéad seachtain de mhí Aibreáin.**

Mura bhfuil an t-údarás áitiúil sásta go dtacaíonn an fhianaise arna soláthar ag an cáiníocóir le hincháilitheacht, féadfar an creidmheas in ionad rátaí a choinneáil siar.

Liostaithe thíos tá cruthúnais a d'fhéadfaí a iarraidh sa chomhthéacs seo agus tá sé beartaithe go mbeidh siad chun críocha léiritheacha seachas uileghabhálacha agus beidh údaráis áitiúla oscailte maidir le fianaise ábhartha eile a mheas ina léirítear go réasúnach incháilitheacht don chreidmheas de thrí mhí in ionad rátaí ag na híocóirí rátaí sin atá sna catagóirí eisiata.

- Fianaise nár measadh go raibh an gnó a rinneadh ag an maoin inrátaithe ina asraon nó seirbhís riachtanach miondíola faoi IR 701 de 2020 nó IR 4 de 2021, agus dá bhrí sin cuireadh iallach air dúnadh.
- Fianaise ar rannpháirtíocht sa Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid arna feidhmiú ag na Coimisinéirí Ioncaim.
  **Tabhair faoi deara go n-éilíonn incháilitheacht don scéim CRSS ar ghnóthaí a thaispeáint nach bhfuil an láimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó ábhartha sa tréimhse éilimh níos mó ná 25% de mheán-láimhdeachas seachtainiúil an ghnó in 2019 (nó meán-láimhdeachas seachtainiúil in 2020 i gcás gnó nua) de bharr srianta Covid.**
- Fianaise d'fhostaíocht a stopadh agus d'fhostaithe ag baint leasa as an PUP.
- Cóipeanna de dhoiciméid a cuireadh faoi bhráid institiúide airgeadais mar chuid den idirbheartaíocht ar bhearta faoisimh leis an institiúid airgeadais.
- Cóipeanna de chomhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim chun bearta forghabhála a chomhaontú maidir le dliteanais chánach.
- Fianaise ar spleáchas ar Scéim Ráthaíochta Creidmheasa an Rialtais nó ar shaoráidí

rótharraingthe nó iasachtaí eile chun críocha caipitil.

In aon mheasúnú ar incháilitheacht íocóir rátaí don chreidmheas trí mhí in ionad rátaí, ba cheart d'údaráis áitiúla díriú ar na cineálacha taifead gnó, ag féachaint do chineál agus scála an ghnó a bheadh ar fáil go héasca do ghnó den sórt sin de ghnáth.

**13. Cad a chiallaíonn géarthionchar agus cén leibhéal tionchair ar chóir do ghnóthaí iarratasóra sna catagóirí eisiata a thaispeáint?**

Is é an riachtanas criticiúil atá ag íocóir rátaí i gcatagóir eisiata ná a bheith in ann a thaispeáint gur dúnadh a ghnó nó go raibh cur isteach eacnamaíoch diúltach suntasach ar a ghnó mar gheall ar shrianta sláinte poiblí a fhorchuirtear mar fhreagairt ar COVID-19. Ba cheart go mbeadh íocóirí rátaí, sna catagóirí atá eisiata a mhaíonn go bhfuil géarthionchar ag srianta leibhéal 5 orthu, ábalta a thaispeáint nach bhfuil láimhdeachas ón ngníomhaíocht ghnó ábhartha sa tréimhse éilimh **níos mó ná 25%** den mheán-láimhdeachas seachtainiúil in 2019 (nó den mheán-láimhdeachas seachtainiúil in 2020 i gcás gnó nua).

**14. Cén chaoi ar cheart don údarás áitiúil an creidmheas in ionad rátaí tráchtála a chur i bhfeidhm ar ghnóthaí sna catagóirí eisiata?**

Má ghlacann Fine Gall leis go bhfuil íocóir rátaí incháilithe tar éis achomhairc ina leith, cuirfear fógra faoi seo faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun ligean dóibh a chinneadh cén leibhéal creidmheasa atá ar fáil le cur i bhfeidhm. Ní chuirfear tarscaoileadh i bhfeidhm ar chuntas rátaí den sórt sin go dtí go bhfaighfear fógra ón Roinn.

**15. An bhfuil íocóir rátaí atá i riaráistí incháilithe?**

Tá

**16. An féidir coinníollacha a fhorchur ar an gcáiníocóir agus an creidmheas trí mhí in ionad rátaí á chur i bhfeidhm aige, mar shampla comhaontú le plean íocaíochta?**

Ní féidir aon choinníollacha a fhorchur ar cháiníocóir d'fhonn an creidmheas trí mhí in ionad rátaí a fháil, má tá an t-íocóir rátaí incháilithe don chreidmheas.

**17. Má tá rátaí 2021 íoctha ag íocóir rátaí cheana féin, an féidir leo aisíocaíocht nó creidmheas a fháil i dtreo bhille na bliana seo chugainn?**

Má tá do bhille rátaí do 2021 íoctha agat ina n-iomláine cheana féin, socrófar aisíocaíocht nó creidmheas i leith an bhille 2022,

**18. An mbaineann an creidmheas in ionad rátaí le tobhaigh BID?**

Níl tobhaigh ranníocaíochta BID i dteideal creidmheas a fháil in ionad rátaí tráchtála. Cé go n-éascaíonn údaráis áitiúla tobhaigh ranníocaíocht BID a thobhach agus a bhailiú trí chumhachtaí bailithe rátaí, ní rátaí iad tobhaigh ranníocaíochta BID. Is é an pobal gnó ábhartha, seachas an rialtas láir nó áitiúil, an páirtí urraíochta do scéimeanna BID.

**19. Cad é an dáta deiridh?**

Níl aon phróiseas iarratais ann d'fhormhór na n-íocóirí rátaí. Is é an 8 Aibreán 2021 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais do na híocóirí rátaí sna catagóirí eisiata.

**20. An éilítear ar an údarás áitiúil scríobh chuig íocóirí rátaí chun iad a chur ar an eolas faoin tarscaoileadh?**

Beidh an tarscaoileadh is infheidhme do ghnóthaí sna catagóirí atá incháilithe go huathoibríoch in Aguisín C gan cumarsáid a dhéanamh roimh ré leis na híocóirí rátaí sin. Maidir le híocóirí rátaí sna catagóirí eisiata, a éilíonn go bhfuil géarthionchar orthu, is é an 8 Aibreán 2021 an spriocdháta a nglacfar le hiarratais

**21. An féidir le híocóir rátaí sa chatagóir eisiata, atá míshásta leis an gcinneadh iarratas ar an creidmheasa a dhiúltú, achomharc a dhéanamh?**

Is féidir, ba cheart an deis a thabhairt d'íocóir rátaí achomharc a dhéanamh ar chinneadh tosaigh diúltaithe. Éascóidh údaráis áitiúla, arna iarraidh sin dóibh, do dhara oifigeach athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh.

**22. An bhfuil comhair chreidmheasa eisiata ón tarscaoileadh de thrí mhí?**

Tá comhair chreidmheasa eisiata ón tarscaoileadh. Is athrú é seo ó tharscaoileadh 2020 nuair nach raibh comhair chreidmheasa eisiata.

**23. Cad a cháilíonn mar mhaoin folamh chun críocha eisiaimh ó incháilitheacht?**

Tá gach maoin fholamh (i.e. maoin fholamh mar a thuigtear de ghnáth le haghaidh rátaí) eisiata ón tarscaoileadh, gan eisceacht. Tabhair faoi deara nach gceadaítear faoin gciorclán achomhairc agus chur i bhfeidhm an tarscaoilte ar mhaoin fholamh.

**24. An bhfuil próiseas achomhairc ann tar éis don údarás áitiúil breithniú a dhéanamh ar iarratais ó ghnóthaí atá sna catagóirí eiscthe a éilíonn go bhfuil géarthionchar orthu?**

Níl aon phróiseas achomhairc taobh amuigh de na gnáthbhealaí a bhíonn ag íocóir rátaí chun cinneadh údaráis áitiúil a cheistiú i.e. córais achomhairc inmheánacha srl.

**25. An bhfuil an tarscaoileadh de thrí mhí is infheidhme maidir leis an Tobhach Maoine don Bhliain Iontrála?**

Tá, tá áititheoirí áitribh atá faoi réir an tobhach maoine don bhliain iontrála agus tobhach maoine don bhliain iar-iontrála i dteideal an tarscaoilte de thrí mhí sa chéad ráithe de 2021, dá mbeidís i dteideal an tarscaoilte murach sin.

**26. Dá n-athrófaí áititheoir sa chéad ráithe ar cheart an tarscaoileadh a chionroinnt ar feadh na tréimhse ábhartha chun a chinntiú go bhfaigheann an dá áititheoir an chuid is infheidhme maidir le háitíocht faoi seach san áitreabh?**

Ba cheart go mbainfeadh gach áititheoir leas as an gcuid iomchuí den tarscaoileadh thrí mhí.

**27. Má tá cuideachta faoi ghlacadóireacht / faoi leachtú, an bhfuil siad i dteideal an tarscaoilte?**
Tá

**28. Cad is brí le 'Catagóirí Ollmhargadh 2 agus Ollmhargadh 3'?**
Tá sé i gceist ollmhargaí a bhfuil achar níos mó ná 500m2 acu a eisiamh. Tá trí chatagóir ollmhargaidh ar liostaí luachála tar éis athluachála i.e. Ollmhargadh 1 (200-500 m2), Ollmhargadh 2 (500-2500 m2) agus Ollmhargadh 3 (os cionn 2500m2). Tá ollmhargaí a bhfuil achar níos mó ná 500 m2 eisiata ón tarscaoileadh thrí mhí.

Rinneadh an tarscaoileadh a struchtúrú ar an mbealach seo chun difríochtaí catagóirithe sna liostaí luachálacha a bhaineann le hollmhargaí beaga agus siopaí áise a chur san áireamh. Más féidir le haon ollmhargadh atá eisiata géarthionchar a thaispeáint, is féidir iad a mheas ar an mbonn sin de réir chiorclán Fin 01/2021 agus Ceisteanna 11, 12 agus 13 thuas.

**29. I gcás ollmhargadh le rannán éadaí / teicstíle nó a leithéid, ar cheart an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar an áitreabh iomlán nó ar an bpáirt éadaí / teicstíle amháin?**
Ní dócha go mbeadh uimhreacha maoine ar leithligh ann don taobh ollmhargaidh de stór agus don taobh teicstíle den stór céanna. Mar sin féin, má tá uimhir mhaoine ar leithligh ann don pháirt éadaí / teicstíle ní bheadh sí i gcatagóir ollmhargadh 2 & 3 agus bheadh sí i dteideal an chreidmheasa. Tá an rud céanna is infheidhme maidir le siopaí ina ndíoltar teicstíl amháin. Má tá uimhir mhaoine ar leith ann, déantar í a chatagóiriú mar 'stór' nó a leithéid agus ní cuid d'ollmhargadh 2 agus 3 í, ansin tá sí i dteideal an tarscaoilte.

**30. Ar chóir 'siopaí lascaine' a áireamh le hollmhargaí, agus chun críche an tarscaoilte ag brath ar cibé an sáraíonn siad 500m2 nó nach sáraíonn?**
Liostáiltear siopaí lascaine mar chatagóir incháilithe in Aguisín C de chiorclán Fin 01/2021. Níl siad ar liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D den chiorclán céanna.

**31. An bhfuil maoin a bhfuil an gcatagóir luachála "Siopa Ilrannach" aici, ach ina bhfuil ollmhargadh iontu go hiomlán nó go páirteach, ina ndíoltar bia agus/nó earraí grósaera, eisiata ón tarscaoileadh?**
Tá Tá maoin a bhfuil an gcatagóir luachála "Siopa Ilrannach" aici, ach ina bhfuil ollmhargadh iontu go hiomlán nó go páirteach, ina ndíoltar bia agus/nó earraí grósaera, eisiata ón tarscaoileadh? **Tabhair faoi deara gur athraigh an seasamh anseo maidir leis an tarscaoileadh naoi mí de 2020 a cuireadh i bhfeidhm bunaithe ar chatagóiriú na luachála**.

**32. An bhfuil maoin arna háitiú ag údaráis áitiúil eisiata ón tarscaoileadh?**
Déantar maoin arna háitiú ag údaráis áitiúil, i gcás ina soláthraíonn an t-údarás áitiúil seirbhísí go díreach, a eisiamh ón tarscaoileadh rátaí trí mhí ar an mbonn gur seirbhís phoiblí iad. Ní heisiatar maoin ina soláthraíonn fochuideachtaí nó cuideachtaí coimhdeacha seirbhísí, nó a seachfhoinsítear iad do chuideachta bainistíochta ar leithligh nó do chonraitheoir seachtrach.

**33. Cad is brí le "Áitribh ar conradh chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le paindéim COVID 19 don/ thar ceann an Stáit, ina bhfuil an Stát ag cúiteamh as rátaí cheana féin mar chuid den**

**chonradh idir an t-áititheoir nó an soláthraí seirbhíse agus an Stát"?**

Ní bhaineann an t-eisiamh seo ach le húsáid óstán agus saoráidí míochaine príobháideacha (nó a leithéid) a bhfuil conradh acu leis an stát ar chúiseanna a bhaineann leis an bpaindéim m.sh. chun iargúltacht, cóireáil nó acmhainn bhreise a éascú, agus i gcás ina bhfuil luach na rátaí mar chuid den chonradh.

**34. Más rud é go raibh maoin folamh roimh an tarscaoileadh ach go raibh gnó le tús a chur le léas ar an maoin le linn na tréimhse tarscaoilte, an bhfuil siad i dteideal tarscaoilte pháirtigh don tréimhse ábhartha faoin scéim?**

Ba cheart caitheamh leis an tarscaoileadh ar an mbealach céanna leis an mbille rátaí. Dá bhfaigheadh an t-íocóir rátaí seo éileamh ar rátaí don tréimhse slí bheatha, bheadh tarscaoileadh is infheidhme.

**35. An bhfuil dolaí (bóithre, droichid agus tolláin) eisiata ón tarscaoileadh?**

Tá dolaí eisiata ón tarscaoileadh rátaí thrí mhí. Sa tarscaoileadh naoi mí in 2020 cuireadh gach dola seachas dola M3 Cluain Aodha-Ceannanas agus dola Thollán Luimnigh an N18 san áireamh sa tarscaoileadh. Maidir leis an tarscaoileadh neamhspleách trí mhí seo, tá na dolaí uile eisiata.

**36. An gcáilíonn cuntais ambasáide (a ngearrtar ráta tairbhiúil orthu faoi láthair) don tarscaoileadh?**

Tá ambasáidí i dteideal an chreidmheasa sa mhéid agus a ráta tairbhiúil.

**37. Cén bhrí atá le Seirbhís Phoiblí i dtéarmaí an eisiaimh ón tarscaoileadh rátaí?**

Comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí poiblí do mhuintir na hÉireann. Go ginearálta, tagraíonn an tseirbhís phoiblí do státseirbhís an Rialtais; státseirbhís an Stáit; seirbhísí arna soláthar ag an stát i réimsí na sláinte, an oideachais agus an cheartais; údaráis áitiúla agus; gníomhaireachtaí stáit. Soláthraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí liosta úsáideach, ach gan a bheith uileghabhálach, de chomhlachtaí seirbhíse poiblí a mheastar a bheith ina gcomhlachtaí seirbhíse poiblí chun críocha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 https://www.lobbying.ie/help-resources/information-for-public-bodies/list-of-public-service- bodies/. Toisc nach bhfuil an liosta ina liosta uileghabhálach féadfaidh údaráis áitiúla ceisteanna faoi chomhlachtaí nach bhfuil ar an liosta seo a dhíriú chuig an roinn Airgeadais Rialtais Áitiúil sa Roinn. Ní eisiatar ón tarscaoileadh maoin ina soláthraíonn fochuideachtaí nó cuideachtaí coimhdeacha seirbhísí, nó a seachfhoinsítear iad do chuideachta bainistíochta ar leithligh nó do chonraitheoir seachtrach.

Tabhair faoi deara nach gceadaítear faoin gciorclán achomhairc agus chur i bhfeidhm an tarscaoilte do mhaoin seirbhíse poiblí.

**38. An bhfuil scáthláin bus agus stáisiúin fógraíochta eisiata ón tarscaoileadh?**

Tá scáthláin bus agus stáisiúin fógraíochta ar liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D a ghabhann le ciorclán Fin 01/2021. **Tabhair faoi deara gur athraigh an seasamh anseo maidir leis an tarscaoileadh naoi mí de 2020.**

**39. An bhfuil aerfoirt eisiata ón tarscaoileadh?**

Liostáiltear aerfoirt mar chatagóir incháilithe in Aguisín C de chiorclán Fin 01/2021. Mar sin féin, toisc go bhfuil gach catagóir um Úsáid Tionscail ar liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D, d'fhéadfadh go mbeadh áitribh thionsclaíocha ar champas aerfoirt agus a phurláin a bheadh eisiata. Tá áitribh den sórt sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar an tarscaoileadh más féidir leo tionchar suntasach a

thaispeáint, de réir chiorclán Fin 01/2021 agus Ceisteanna 11, 12 agus 13 thuas.

**40. An bhfuil cuideachtaí a bhaineann le hiompar Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann, Bonneagar Iompair Éireann agus Cuideachta Calafort Bhaile Átha Cliath eisiata ón tarscaoileadh?**

Tá calafoirt ar liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D a ghabhann le ciorclán Fin 01/2021. Tá maoin den sórt sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar an tarscaoileadh más féidir leo tionchar suntasach a thaispeáint, de réir chiorclán Fin 01/2021 agus Ceisteanna 11, 12 agus 13 thuas.

Tá gach iompar lena n-áirítear Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Luas agus Iarnrod Éireann eisiata ón tarscaoileadh rátaí trí mhí. Tá maoin den sórt sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar an tarscaoileadh más féidir leo tionchar suntasach a thaispeáint, de réir chiorclán Fin 01/2021 agus Ceisteanna 11, 12 agus 13 thuas.

**Tabhair faoi deara gur athraigh an seasamh anseo maidir leis an tarscaoileadh naoi mí de 2020.**

**41. An bhfuil cuideachtaí Údarás na Gaeltachta eisiata ón tarscaoileadh rátaí trí mhí?**

Meastar go bhfuil Údarás na Gaeltachta ina sheirbhís phoiblí agus dá bhrí sin tá maoin ina soláthraíonn sé seirbhísí go díreach eisiata ón tarscaoileadh. Ní eisiatar maoin ina soláthraíonn fochuideachtaí nó cuideachtaí coimhdeacha seirbhísí, nó a seachfhoinsítear iad do chuideachta bainistíochta ar leithligh nó do chonraitheoir seachtrach.

**42. An bhfuil oifigí poist incháilithe don chreidmheas in ionad rátaí?**

Tá oifigí poist liostaithe mar chatagóir incháilithe in Aguisín C de chiorclán Fin 01/2021. Níl siad ar liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D den chiorclán céanna.

**43. Conas ar chóir déileáil le crainn/aeróga nach bhfuil ar an bPríomh-Liosta Luachála?** Maidir le maoin a luacháiltear mar chrainn/aeróga, ar liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D a ghabhann le ciorclán Fin 01/2021. Tá maoin den sórt sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar an tarscaoileadh más féidir leo tionchar suntasach a thaispeáint, de réir chiorclán Fin 01/2021 agus Ceisteanna 11, 12 agus 13 thuas.

**Tabhair faoi deara gur athraigh an seasamh anseo maidir leis an tarscaoileadh naoi mí de 2020.**

**44. An bhfuil clubanna spóirt eisiata ón tarscaoileadh rátaí trí mhí?**

Níl clubanna spóirt eisiata.